

Válcaireacht

... anois le contráth na hoíche ...

A ríghrian rósleicneach, sabhran an lae,
teagmhaíonn tú liom, is dem chraiceann deintear coirne,
dem dhromlach néaróg optach, is mé ar ballchrith,
leathchaochta ag an linn óir a dhoirteann tú
ar an muir is ar an gcathair seo, is dalltar mé.
Is anseo a sheas tráth – is seasaid fós is eol dom –
sraitheanna de thithe is de shráideanna, ar le cathair eile iad,
ní an chathair seo atá claochlaithe go hiomlán agat.

Feadh an éadain le huisce siúlaímid. Tá báid
na n-iascairí oíche ar tí bogadh amach,
tsiug-tsiug na n-inneall, lampaí paraifin i gceann an bháid,
is tá an baile go léir amuigh ag spaisteoireacht,
leannáin in uillinn a chéile, maing an mhustair ar na fir óga,
aithreacha is máithreacha, leanaí ag ithe uachtair reoite,
seanóirí ag breathnú uathu ó bhoird na gcaifí cosáin,
agus druideann na crónchnoic níos cóngaraí, mar ainmhithe muinteartha.

Spéirloinnir ghleoite an tráthnóna, leata ar chnoic is ar an mbá,
cuimlíonn do lámh liom anois trí thaisme ba dhóigh leat,
mar a theagmhódh an bhean óg seo liom a shiúlann lem thaobh,
cromáin throma, céimeanna beaga is í ag imeacht go luascach,
a folt ciardhubh scuabtha siar aici, a píb mín is a guailí
is dath an tsamhraidh orthu, a súile ar dhonn na holóige ag gáirí.
Ólaim thú, solas lonrach mar fhíon, mar cheol,
mar a d'ól a sinsir thú leis na cianta cairbreacha.

Cathair phóiriúil, *Eleftheria* is ainm di,
Is bíodh is gur dúradáin liatha ina súile iad do chuid colm,
mar sin féin, ar uair seo imeartha an tsolais
is infhilleadh an tsolais go fineáilte ina haghaidh mar fhriotal nó amhrán,
is léi an ceart ársa chun an ché a shiúl
mar uirlis is mar chosantóir do sholais-se,
á bhailiú i dtoibreacha doimhne na mac imrisc aici,
agus tú a shiúl mar dhamhsóir, an tsaoirse dhil.

Tráthnóna dil, solas atá na mílte bliain d'aois,
amhránaí na scornaí glé, chomh niamhrach leis an mbean seo,
conas nach n-adhrfainn an grásta inar theilg tú
an chathair seo is a pobal, múnla

a shnoíonn gach a dteagmhaíonn sé leis, an domhan go léir?
Is mé do dhaor munar cathróir mé.
Tá úthach orm chun tú a ól siar, líonfainn
gach póir led ghile, lena saoirse.

Richard Berengarten

Gabriel Rosenstock a chuir i nGaeilge
translated by Gabriel Rosenstock

interLitQ.org